

# AN GARRÁN

## CHREATHPHLEAN UIRBEACH

Comharsanacht shuaitheanta do Chontae na Gaillimhe, lena leagtar amach caighdeáin nua maidir le maireachtáil inbhuanaithe chomhaimseartha ina bhfuil rochtain den scoth ar iompar poiblí.

Meitheamh 2022





Tagairt/Oifig 6656/  
Baile Átha Cliath  
Meitheamh 2022

# Clár Ábhair

<b>1.0</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>1</b>
<b>2.0</b>	<b>Fís</b>	<b>3</b>
<b>3.0</b>	<b>Comhthéacs Pleanála Straitéisí</b>	<b>5</b>
<b>4.0</b>	<b>Tailte ag an nGarrán</b>	<b>7</b>
4.1	Comhthéacs Áitiúil	7
4.2	Tailte an Chreata	9
<b>5.0</b>	<b>Prionsabail agus Straitéis</b>	<b>19</b>
5.1	Prionsabail	19
5.2	Straitéis	21
<b>6.0</b>	<b>Creat</b>	<b>23</b>
6.1	Úsáid Talún	23
6.2	Dlús	24
6.3	Iompar Poiblí	25
6.4	Gluaiseacht agus Rochtain	26
6.5	Tírdhreach	27
6.6	Ceantair Shaintréithe	29
6.7	Inbhuanaitheacht	33
<b>7.0</b>	<b>Creatphlean Uirbeach an Gharráin</b>	<b>35</b>
<b>8.0</b>	<b>Cuspóirí Beartais agus Críosú Úsáid Talún</b>	<b>38</b>



Stáisiún Óran Mór ag an nGarrán



# 1.0 RÉAMHRÁ

Tá an Garrán lonnaithe laistigh de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, 8km soir ón gcathair, ina aice le baile Órán Mór agus tá radharc ón gceantar ar

Chuan Órán Mór. Soláthroidh na tailte ag an nGarrán, mar aon leis na hArdáin agus Cnoc Mhaoil Drise go díreach siar ó thuaidh, acmhainn mhór don fhás pleantearaithe laistigh de Limistéar Ceannchathartha Thoir na Gaillimhe.

Go huathúil, tá stáisiún traenach bunaithe, Stáisiún Órán Mór, mar aon le dromchla carrchlós, lonnaithe i lár na dtailte. Tá seirbhísí traenacha le fáil siar go Cathair na Gaillimhe, agus soir go Baile Átha na Rí, agus ar aghaidh go Baile Átha Cliath agus Luimneach. Is é Stáisiún Órán Mór an chéad stáisiún lasmuigh de Chathair na Gaillimhe ar an líne Gaillimh-Baile Átha Cliath / Luimneach, ar imeall thoir na cathrach. Tá an dara stáisiún, Baile Átha an Rí, 15km níos faide soir.


Baineann an Garrán taitneamh as rochtain dhíreach ar líonraí iarnróid agus líonraí bóthair, rud a sholáthraíonn nascacht ar chinn scríbe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Níl lár Chathair na Gaillimhe ach 10 nóiméad ar an traein agus beidh an fhorbairt bheartaithe ag na hArdáin beagán de bhreis ar 1km siar ó thuaidh ón stáisiún traenach.

Níl na mórlimistéir fostaíochta - an Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh agus Mervue - ach idir 3km agus 6km uaidh ar an mbóthar.

Tá lár Órán Mór laistigh de 1.5km ón nGarrán via Bóthar an Chósta, agus tá úsáidí lár an bhaile, úsáidí pobail agus úsáidí conláiste mórtimpeall ar lár bunaidh an tsráidbhaile, chomh maith le húsáidí suntasacha fostaíochta taobh ó thuaidh den bhaile i bPáirc Ghnó Órán Mór agus Páirc Ghnó Pháirc an Fhia.

Tá an Garrán lonnaithe go straitéiseach chun a bheith ina mhol iompair a fhreastalaíonn ar dhaonra thodhchaí Limistéar Ceannchathartha thoir na Gaillimhe. Bunaíonn an doiciméad seo Creatphlean maidir le soláthar fadtéarmach lonnaíochta nua ag an nGarrán, agus mar spreagadh le haghaidh tuilleadh fáis inbhuanaithe ar fud imeall thoir Chathair na Gaillimhe.

Leagtar amach sa Chreatphlean seo an fhís, na prionsabail agus an creat a bheidh mar threoir maidir le lonnaíocht atá dírithe ar iompar poiblí dlúth comhaimseartha ardchaighdeáin nua a fhorbairt ag an nGarrán ar bhealach ordúil inbhuanaithe.



Comhthéacs Ceannchathartha agus Réigiúnach an Gharráin







## 2.0 FÍS

Beidh an Garrán ina fhorbairt shuaitheanta do Chontae na Gaillimhe, lena leagtar amach caighdeáin maidir le maireachtáil inbhuanaithe chomhaimseartha ina bhfuil rochtain den scoth ar iompar poiblí.

Comharsanacht shainiúil, dhlúth agus insiúlta ina mbeidh lárionad beoga mar chroílár, agus pobal is caighdeán na beatha á chothú inti.

Seirbhísí iarnróid agus bus atá feiceálach go héasca agus inrochtana go díreach suite sa lárionad áitiúil, ag soláthar iompair inbhuanaithe d'áitritheoirí an Gharráin agus an limistéir cheannchathartha thoir.

Lonnaithe laistigh de thírdhreach iontach cois cósta, agus saoráidí áineasa agus conláiste den scoth a thacaíonn leis an tsláinte agus folláine le fáil ann.

Ag cothú an athraithe aeráide, trí iompar inbhuanaithe, teicneolaíochtaí tógála atá tíosach ar fhuinneamh, agus líonra bonneagair ghlais láidir.

Forbairt inbhuanaithe a chomhtháthaíonn go hiomlán le Sráidbhaile Órán Mór agus Cathair na Gaillimhe.









## 3.0 COMHTHÉACS PLEANÁLA STRAITÉISÍ

Tá an Creatphlean seo ailínithe le hordlathas straitéisí pleanála agus pleananna forbartha Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Tá an Dlíthfhás, Gluaiseacht Inbhuanaithe agus freagairt don Athrú Aeráide ina mbeartais agus cuspóirí comhchoiteanna sna straitéisí agus sna pleananna seo go léir.

Is é an **Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)** plean straitéiseach an Rialtais chun fás agus forbairt todhchaí na tíre seo againne a mhúnlú go dtí 2040. Foroineann an CNP an tír ina trí réigiún - Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Bunaíonn an CNP Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe mar phríomhionad fáis Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Caithfidh Gaillimh sciar níos mó den fhás a ghineann sé a choinneáil laistigh dá teorainn cheannchathartha. I measc na ndúshlán a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu tá iompar/gluaiseacht agus cáilíocht uirbeach, rogha tithíochta agus inacmhainneacht, go mór mór lasmuigh den limistéar i gcroílár na cathrach.

Tacaíonn an **Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE)** do réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair le cur chun feidhme an CNP. Laistigh den SRSE, sainmhínítear ‘Comhforbairt Áite’ mar thosaíocht a chuirfidh taca faoin gcreat fáis agus a chinnteoidh sineirgíocht idir infheistíochtaí agus pleanáil le haghaidh idirbheartaíochtaí straitéiseacha agus a dhéanfaidh na torthaí a bheidh i ndán do ‘Dhaoine agus Áit’ a uasmhéadú.

‘Leanfar leis an dlúthfhás lena chinntiú go bhfásfar lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe níos dlúithe ar bhealach inbhuanaithe, agus poist, tithe, seirbhísí agus taitneamhachtaí ag tacú leo, seachas sraoilleáil leanúnach agus fás neamhphleanáilte, neamhghuilleagrach.’

Soláthraíonn an Plean Straitéiseach Limistéir Ceannchathartha (PSLC), laistigh den SRSE, creat le haghaidh pleananna forbartha agus beartaithe tosaíochta. Tá acmhainn shuntasach tailte ag an Limistéar Ceannchathartha chun freastal ar fhás an daonra, agus féachann sé le tithíocht a chomhtháthú le bonneagar iompair, rud a chothóidh patrúin fáis inbhuanaithe. Saináithnítear roinnt limistéar fáis straitéisigh, lena n-áirítear Órán Mór agus an Garrán, na hArdáin agus Cnoc Mhaoil Drise ar thaobh thoir na cathrach.

Saináithnítear an Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach i **bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028 (PFCG)**. Tá sí ar an taobh thoir den chathair agus tá rochtán éasca uirthi, agus dlús ard bonneagair bhunaithe agus luachmhar inti chomh maith. Beartaítear sa PFCG dul sa tóir ar na príomhghnéithe de Straitéis Pleanála Iompair na Gaillimhe, lena n-áirítear forbairt laistigh de Chathair na Gaillimhe agus Contae na Gaillimhe a chomhdhlúthú laistigh de chonair ina bhfuil leathnú soir beartaithe ; tugtar na hArdáin agus an Garrán ar an limistéar seo go ginearálta.

Tá Plean Dramhuisce Príomhdhraenála na Gaillimhe luaite mar chumasóir ríthábhachtach do mhórlimistéar Órán Mór agus na limistéar cheannchathartha ó thuaidh, agus mar chumasóir den acmhainn straitéiseach na tailte mórtimpeall ar stáisiún traenach Órán Mór ar fáil.


Tá stáisiún traenach Órán Mór lonnaithe sa Gharrán ag pointe is faide ó dheas de na limistéir fáis Cnoc Mhaoil Drise, na hArdáin agus an Garrán. Tá sé beartaithe an stáisiún a uasghrádú go stáisiún ina bhfuil dhá ardán agus lúb thrasnaithe an bealach chun minicíocht na seirbhísí traenach isteach sa Limistéar Ceannchathartha a dhúbláil. Le cur chuige pleanbhunaithe maidir leis na limistéir seo a fhorbairt, cinnteofar go mbeidh nasc glas ardchaighdeán siúil agus rothaíochta ar fáil idir an stáisiún traenach agus na limistéir fáis todhchaí seo.



Radharc ó Chuan Órán Mór ó L7105



Líne iarnróid riain aonair ag féachaint siar i dtreo na Gaillimhe



N67/R446



### 4.1 Comhthéacs Áitiúil

Cuimsíonn na tailte ag an nGarrán, ábhar an chreathplean seo, thart ar 70 heicteár de thalamh talmhaíochta a nascann achar forbartha Chathair na Gaillimhe ag Ros Cam le Contae na Gaillimhe ag Órán Mór.

Sainíonn an N67/R446 agus an R338 Bóthar an Chósta imeall na dtailte ó thuaidh agus ó dheas faoi seach, agus trasnaíonn an líne iarnróid ó Ghaillimh go Baile Áth Cliath/Luimneach na tailte idir an dá bhóthair seo. Faoi láthair, soláthraíonn Bóthar an Chósta an phríomhrochtain bhóthair ar na tailte ar an taobh theas den iarnród, chomh maith le hÓrán Mór agus Ros Cam a nascadh san oirthear agus san iarthar faoi seach. Tá crosairí comhréidh ag an iarnród ar na bóithre ag dul ó thuaidh ó Bhóthar an Chósta, lena n-áirítear an bóthar áitiúil L7105 a théann tríd an nGarrán.

Tá na hArdáin, lonnaíocht bheartaithe shuntasach nua siar ó thuaidh, nasctha leis an nGarrán trí Bhóthar Dhabhach Uisce agus an L7105. Tá deis ann nasc níos díri do choisithe agus rothaithe a sholáthar ó na hArdáin thar an N67/R446 go dtí an stáisiún traenach ag an nGarrán.

Cé go mbeidh an stáisiún traenach ina spreagadh mór ar fhorbairt agus fás inbhuanaithe, beidh an rochtain dhíreach d'fheithiclí ar an N67/R446 an-tábhachtach chun an t-éileamh ar fheithiclí príobháideacha ar Bhóthar an Chósta a laghdú agus acmhainn an bhealaigh seo mar chonair iompair inbhuanaithe a mhéadú.

Tá an Garrán, leis an stáisiún traenach, réidh le bheith ina phríomh-mhol inbhuanaithe iompair agus fáis, ag freastal ní amháin ar Garraun, ach freisin ar na daonraí atá ann agus atá beartaithe ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe, agus in Órán Mór.



Comhthéacs áitiúil tailte an Gharrán





Cuan Orán Mór mar a fheictear é ón gcroisire comhréidh ag an nGarrán



## 4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN



### 4.2 Tailte an Chreata

#### 4.2.1 Tréithe

Ó thaobh saintréithe de, is ceantar tuaithe agus ceantar cósta é an Garrán. Seo an gnáth-thírdhreach sa chuid seo de Chontae na Gaillimhe, ina mbíonn dáileachtaí páirceanna sách beag ag leathnú amach ar fhearann droimneach atá le fána. De ghnáth, sainítear teorannacha páirce le fáлта sceacha geala, claíocha cloiche agus fáлта cuailí agus ráillí.



#### Tírdhreach

Áirítear san fhásra féarach talmhaíochta, chomh maith le ceantair lán de scrobarnach agus coillearnacha níos forbartha. Tá na crainn agus coillearnacha níos sainiúla brúite le chéile mórthimpeall ar fhoirgnimh cloiche feirme laistigh ar an gcuid theas de na tailte. Taobh thuaidh den iarnród, áirítear san fhásra roinnt limistéar coillearnaí níos mó, sciathadh leanúnach de chrainn feadh na teorann thuaidh, áit a mbuaileann na tailte leis an N67, agus meascán d'fhálú leanúnach agus crainn aonair feadh teorainneacha páirce agus chlaífort an iarnróid.

Níl aon sruthchúrsaí laistigh de na tailte, ach leathnaíonn leibhéil ísle na réileán láibe cósta trasna bhóthar an chósta isteach sna tailte, rud a fhágann limistéar bogaigh atá so-ghabhálach do thuile cósta.

Tá Ráth, (Tag. Séadchomhartha taifeadta: GA095-012) suite ar chnocán carraigeach laistigh de cheantar coillearnaí feadh tuaisceart na dtailte, agus is éard atá ann ná caiseal ciorclach de bhalla cloiche atá tar éis titim.

Is timpeallacht agus conláiste sainiúil cois cósta é Cuan Órán Mór, a bhfuil radhairc iontacha uaidh trasna an chuain chuig Órán Mór agus Caisleán Órán Mór, agus ar aghaidh chuig Rinn Mhíl i bhfad i gcéin.

#### Éiceolaíocht

Shainnithin réamhniúchadh éiceolaíochta ar na tailte trí phríomhghnáthóg, lena n-áirítear féarach talmhaíochta saibhir, scrobarnach choill agus coillearnacha níos forbartha ina bhfásann fuinseog go príomha. Níl aon dromchla aolchloiche nochta le fáil ar na tailte. Tá líon teoranta crann agus fáлта sceacha lánfhásta ann a bheadh oiriúnach d'aon líon suntasach ialtóg ar an bhfara, ach tá na gnáthóga atá ann oiriúnach do réimse ialtóg shealgaireachta agus timaistrithe, áfach. Ní dhearnadh aon fhianaise shoiléir ar bhroic, dobharchúnna, nó aon mhamaigh chosanta eile a thaifeadadh, ach tá a leithéid de speicis le fáil sa cheantar go ginearálta. Is dóchúil go mbíonn mamaigh bheaga amhail giorriacha agus gráinneoga ann ó am go ham ar a laghad, d'aineoinn nach ndearnadh iad a thaifeadadh.

#### Foirgnimh

Cé nach bhfuil na tailte forbartha go mór, tá roinnt grúpaí d'fhoirgnimh ar leith ann. Tá grúpa de bhungalónna scoite agus seanfhoirgnimh feirme lonnaithe i dtreo an iarthair sa Chartrún. Tá líon beag bungalónna agus foirgneamh cloiche traidisiúnta taobh leis an L7105 a théann ó thuaidh trí na tailte. Tá forbairt nua cónaithe, An Inse Ghlas, ar an gcuid thoir de na tailte, agus tá thart ar 40 teach dhá stór le fáil inti.
















## 4.0 TAILTE AG AN nGARRÁIN



Saintréithe tírdhreacha na tuaithe agus an chósta

### EOCHAIR

-  **Teorainn an Gharráin**
-  Stáisiun Traenach
-  Crosaire Comhréidh
-  Páirceáil
-  Radhairc
-  Fásra
-  Bogaigh



Saintréithe an tírdhreacha







## 4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN

### 4.2.2 Topagrafaíocht

Téann na tailte le fána ón tuaisceart go dtí an deisceart, agus tá radhairc iontacha uathu amach ar Chuan Órán Mór. Bíonn na leibhéil ar imeall thuaidh na dtailte ag 14-16m OD de ghnáth, ag ardú siar go 25m OD ag an bpointe is airde. Laistigh de na tailte, tá droimneachtaí níos áitiúla agus níos géire, agus tá an chuid is múnlaíthe agus is géire den talamh sa chuid iartharach de na tailte.

Taobh le Bóthar an Chósta, tá na leibhéil tart ar 4-4.5m OD de ghnáth, ag íslíú go háitiúil ar fud lárphointe na dtailte go leibhéal chomh híseal le 3.0m OD. Leanann an chuid íseal seo de Bhóthar an Chósta ar aghaidh le haghaidh c. 200m. Tagann an cuan suas chomh fada leis an mbóthar, agus leanann imlíne íseal an chósta trasna an bhóthair agus isteach sna tailte. Tá na leibhéil laistigh de chuid theas na dtailte chomh híseal le 2.0m OD, agus sainítear an ceantar seo, ar bhogach cósta a bhíonn i mbaol tuile. Téann an t-iarnród trasna na dtailte agus tá sé i gcaidhséar nó ar chlaifort, ag brath ar phróifíl bhunaidh an tír-raoin. Tá an chuid is mó den tír-raon iarnróid trasna ón gcarrchlós, agus tá sé níos mó ná 6.0m ar aird e.

#### EOCHAIR

-  Teorainn an Gharráin
-  Stáisiún Traenach
-  Crosaire Comhréidh
-  Páirceáil
-  Radhairc
-  Spotaí Leibhéil
-  Imlínte



Topagrafaíocht







## 4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN

### 4.23 Bonneagar Iarnróid

Téann iarnród na Gaillimhe/Bhaile Átha Cliath soir siar trí na tailte agus tá crosaire comhréidh le fáil áit a gcasann an t-iarnród leis an L7105. Is éard atá sa 20km thiar den iarnród, ó Ghaillimh go Baile Átha an Rí, ná rian singil, rud a chuireann isteach ar mhinicíocht na seirbhísí traenach.

Tá Stáisiún Traenach Órán Mór lonnaithe i dtreo lár na dtailte, siar ón gcrosaire comhréidh, leis an ardán ar an taobh deas den rian agus é 175m ar fad.

Tá céimeanna agus rampaí ón ardán síos go dromchla carrchlóis ina bhfuil 140 spás ar thaobh deas den rian. Nascann bóthar agus rotharbhealach a tógadh le déanaí an áit seo le Bóthar an Chósta.

Tagann an t-iarnród isteach sa chuid thoir thuaidh de na tailte ó Órán Mór faoin N67. San áit seo, tá an ráille thart ar 15m OD, ag ísliú diaidh ar ndiaidh go c. 11m OD agus é ag dul i dtreo an stáisiúin, sula dtéann sé thar chloch os cionn an bhóthair áitiúil ag an gCartrún, agus é ag ardú siar arís.

Is cuspóir fadtéarmach é do réigiún an iarthair ráille dúbailte a chur ann idir Baile Átha an Rí agus Gaillimh.

Mar chuid de na feabhsúcháin ar bhonneagar an iarnróid ag an nGarrán, cuirfear isteach lúb thrasnaithe an bealach 1km, mar aon le hardán breise agus an bonneagar gaolmhar.

Beidh minicíocht bhreise na seirbhísí iarnróid, mar aon leis an stáisiún traenach feabhsaithe, ina spreagadh mór ó thaobh lonnaíocht atá dírithe ar iompar poiblí dlúth comhaimseartha ardchaighdeán nua a fhorbairt ag an nGarrán.

Díreach mar a bheidh an stáisiún traenach ina shaintréith den saol ag an nGarrán, beidh na naisc siúil agus rothaíochta a bhunófar ar fud na líne riachtanaí chun lonnaíocht insiúlta nasctha a chinntiú.



Droichead cloiche ar an L71051



An carrchlós, stáisiún traenach agus ráille iarnróid aonair atá ar an bhfód cheana féin

## 4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN

### 4.2.2 Bóithre agus Rochtain

Sainíonn an **R338 Bóthar an Chósta** cuid theas na dtailte agus is é an t-aon bhealach faoi láthair chun rochtain a fháil ar na tailte. Is bóthar leathan dhá-lána é Bóthar an Chósta a bhfuil ballaí cloiche traidisiúnta ísle taobh leis den chuid is mó. Tá an bóthar suite ar thírdhreach cothrom cois cósta agus tá radhairc oscailte uaidh ó dheas thar pháirceanna talmhaíochta agus réileáin láibe go Órán Mór agus níos faide ar aghaidh. Áit a bhfuil an bóthar íseal, seachas balla cloiche a bheith taobh leis is balla ard neamhbhriste taobh leis, agus barrchaidhp air chun tuile thaoide a mhaolú. Tá an chuid íseal seo de Bhóthar an Chósta ina cabhsa. Taobh thuaidh de Bhóthar an Chósta, tá meascán de thalamh féarach, coillearnach, scrobarnach, clampaí de chrainn lánfhásta agus na bogaigh chósta dá dtagraítear cheana.

Téann **bóthar áitiúil cúng (nó lána) an L7105** ó thuaidh ó bhóthar an chósta trí lár thailte am Gharráin. Ag an acomhal le bóthar an chósta, tá bungaló agus clibín botháin cloiche thraidisiúnta i roschoill de chrainn lánfhásta. Is lána traidisiúnta tuaithe atá ann, agus tá ballaí cloiche taobh leis agus crainn lánfhásta sna páirceanna in aice leis. Éiríonn an lána níos airde leis an tír-raon, ag éirí níos oscailte níos faide ar aghaidh ná na crainn lánfhásta agus tá radhairc amach uaidh ansin ó dheas thar Chuan Órán Mór. Éiríonn sé níos géire ansin, áit a gcasann sé leis an gcrosaire comhréidh ag iarnród Gaillimh go Baile Átha Cliath/Luimneach, agus leanann sé mar bhóthar tuaithe áitiúil agus téann sé trasna ar an N67/R446 ag dul go dtí an Garrán Thuaidh agus Dabhach Uisce ó thuaidh. Tá ceithre bhungaló lonnaithe taobh thoir den bhóthar, ceann amháin díobh ó dheas ón gcrosaire comhréidh agus na cinn eile ó thuaidh.

Is ann do bhóthar áitiúil eile, an L71051, cul-de-sac a théann ó bhóthar an chósta go dtí an Cartrún i dtreo an cheantair siar ón nGarrán. Tá rochtain ón mbóthar seo ar theach agus clós feirme agus leanann sé ansin faoin iarnród, faoi dhroichead cloiche ar a bhfuil taca, chuig lonnaíocht bheag ina bhfuil 10 mbungaló scoite.

Tá rochtain ar an **stáisiún traenach** ó bhóthar an chósta trí bhóthar a tógadh le déanaí a bhfuil lánaí rothaíochta agus cosáin leis, agus forbairt de 40 teach scoite agus leathscóite dhá stór ar a dtugtar an Inse Ghlas a bhfuil rochtain dhíreach air ó bhóthar an chósta.

Téann an **N67/R446** feadh thaobh thuaidh an Gharráin, ach níl rochtain uaidh faoi láthair ar na tailte. Is débhealach ceithre lána 30m ar leithead an bóthar seo a bhfuil gualainn chrua agus lárstráice leathan i gceist leis. Tá an bóthar ardaithe ar chlaifort soir ó thuaidh ó na tailte, áit a dtrasnaíonn sé an t-iarnród ó Ghaillimh go Baile Áth Cliath/Luimneach, agus éiríonn sé níos ísle de réir agus a íslíonn an tír-raon nádúrtha agus é ag dul siar. Ar imeall na conairí bóthair ar an dá thaobh, tá coillearnach duillsiltheach measctha le fáil.

Go dtí le deireanas, bhí an bóthar ainmnithe mar Bhóthar Náisiúnta, ach rinneadh é a athaicmiú go Bóthar Réigiúnach, an R446. Táthar ag súil go ndéanfar feidhm an bhóthair a oiriúnú in am trátha chun Mórlánaí Bus agus lánaí rothaíochta idir Órán Mór agus Cathair na Gaillimhe a áireamh. Mar bhóthar réigiúnach, is féidir acomhal nua a bhunú freisin chun freastal díreach a dhéanamh ar an nGarrán.



Bóthar Cósta



L7105



L71051, agus droichead cloiche i óid



## 4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN



Bóthar an charrchlóis



N67/R446

**KEY**



Bothar Reatha Roghanna Rochtana



Cosc ar Rochtain



Líonra bóthair agus rochtain reatha





## 5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS

### 5.1 Prionsabail

Chun lonnaíocht atá dírithe i gceart ar iompar poiblí a chur ar fáil ag an nGarrán, a dhéanann na sochair ar an infheistíocht sa bhonneagar iompair a uasmhéadú agus rogha eile a sholáthar ar an bhforbairt thraidisiúnta a bhíonn bunaithe ar an ngluaisteán príobháideach, caithfidh Creatphlean an Gharráin a bheith pleantreoraithe ón tús, agus bunaithe ar na príomhphrionsabail a chuirfidh bonn faoin bhFís dá leithéid d'fhorbairt inbhuanaithe.

Tá an Fhís don Gharrán mar bhonn eolais ag na príomhphrionsabail, agus tá siad fréamhaithe sa bheartas Náisiúnta agus sa bheartas Áitiúil araon. Áirítear leo sin:

Lonnaíocht Cheannchathartha

Tírdhreach agus Muirdhreach

Dlúth, Insiúlta agus Nasctha

Rochtain d'Fheithiclí

#### Lonnaíocht Cheannchathartha



Lonnaíochtaí reatha agus lonnaíochtaí beartaithe a nascadh

Luach an stáisiún iarnróid bunaithe a bharrfheabhsú don fhorbairt atá dírithe ar an iompar inbhuanaithe

Gnóchan pleanála agus sochair ar an infheistíocht san iompar poiblí a uasmhéadú

Dlús ard iomchuí a sholáthar gar do sheirbhísí iompair phoiblí

Soláthar a dhéanamh do naisc bus áitiúil ón limistéar ceannchathartha thoir chuid an stáisiún traenach

#### Dlúth, Insiúlta agus Nasctha



Lárionad áitiúil sainiúil, a chuimsíonn stáisiún traenach, siopaí le haghaidh riachtanais áitiúla, sráideanna coisithe agus spás poiblí, ag freastal ar an bhforbairt inléite go ginearálta.


Lárionad áitiúil a chuimsíonn foirgnimh ard-dlúis, ailtireacht ardchaighdeán agus réimse poiblí a chruthú, agus lárionad áitiúil agus lárionad pobail beoga agus mealltach a chruthú dá bharr. Laghdaítear an phróifíl dlúis go hiomchuí chun freagairt do chúinsí teorann Teaghaisí laistigh d'achar siúil ón lárionad áitiúil iompar, fostaíocht, agus oideachas úsáid mheasctha agus lárionad pobail

Bealaí glasa ón lárionad áitiúil chuig gach áit den Gharrán, agus níos faide ar aghaidh, ag cruthú timpeallachta siúil agus rothaíochta sábháilte agus mhealltaigh ar fud an cheantair.



## 5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS

### Tírdhreach agus Muirdhreach



An cuan a thabhairt isteach, chun forbairt tuaithe agus cósta ar leith a chruthú, áit a mbaineann áitritheoirí taitneamh as conláiste an dá áit.

Spás agus tírdhreach oscailte arna struchtúrú ag ceantair coillearnacha, Páirc Eiceolaíoch bhogaigh chósta, agus líonra de spásanna glasa, bealaí agus naisc ardchaighdeán mealltacha.

CIDU cuimsithe i gclaiseanna reatha agus linnte maolaithe mar chuid de shaintréith tírdhreacha an Gharráin

Gnáthóga reatha a neartú agus naisc nua a bhunú chun próifíl shaibhir ó thaobh bithéagsúlachta de a chinntiú

Ballaí cloiche, tírdhreach rollach, coillearnach agus cósta a chuimsiú, mar aon le dearadh tógála ardchaighdeán, agus áit lena haitheantas sainiúil féin a chruthú

### Rochtain d’Fheithiclí



Acomhal nua ar an N67/R446 chun rochtain dhíreach ar an nGarrán a sholáthar d’fheithiclí

Líonra bóthair ó thuaidh nasctha tríd an L57105 agus príomhshráideanna an Gharráin leis an N67/R446 agus le hÓrán Mór agus níos faide ar aghaidh

Rochtain dhíreach ar na tailte theas ó bhóthar an chósta

Rochtain choisithe ar an lárionad áitiúil, rud a chinntíonn timpeallacht choisithe ardchaighdeán laistigh den lárionad áitiúil

Bainistíocht tráchta forchéimnithe, i gcomhréir le céimeanna forbartha na tréthrachta thuaidh-theas ag an gcrosaire comhréidh agus ag íosbhealach an Chartrúin agus na tréthrachta feadh bóthar an chósta

## 5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS



Straitéis an chreata

### 5.2 Straitéis

Lúb thrasnaithe an bealach 1km agus ardán eile ag an nGarrán chun seirbhísí traenach níos fearr a sholáthar agus dérianú fadtéarmach a dhéanamh ar an iarnród iomlán. Lárionad úsáid mheasctha láidir a sholáthar tríd an stáisiún traenach agus an chearnóg phoiblí, rud a chinntíonn croí pobail ga agus mealltach mar aon le tosaíocht coisithe. Acomhal nua a bhunú ar an N67/R448 chun príomhrochtain d'fheithiclí a sholáthar isteach chuig an nGarrán agus amach uaidh, agus rochtain choisithe ar an tseirbhís bus. Spreagadh a dhéanamh maidir le seirbhísí mhaith de bhusanna áitiúla a sholáthar do dhaoine in Órán Mór, Ros Cam agus sna hArdáin ionas go mbeidís in ann an stáisiún traenach, Órán Mór agus cathair na Gaillimhe a rochtain. Na tailte isle feadh an chósta a fhorbairt mar Pháirc Éiceolaíoch uathúil, ina gcuimsítear bogaigh, conairí agus limistéir chonláiste, agus próifíl shaibhir flóra agus fána. Comharsanacht insiúlta ina bhfuil líonra de naisc choisithe agus rothaíochta ar fud na háite agus trasna ar an iarnród in áiteanna ríthábhachtacha, agus chuig bóthar an chósta agus níos faide ar aghaidh. Droichead coisithe agus rothaíochta féideartha thar an N67/R446, ag nascadh na nArdán leis an nGarrán agus seirbhísí traenach. Struchtúr tírdhreacha de chonairí glasa ag déanamh spásanna oscailte, ceantair choillearnaí agus an Pháirc Éiceolaíoch a nascadh, claiseanna reatha agus linnte maolaithe a chuimsiú ar chúiseanna bailithe uisce dromchla, chomh maith le plandáil agus crainn atá oiriúnach do phailneoirí a chur. Foirmeacha foirgníochta agus treoshuíomh a bharrfheabhsú chun tairbhe a bhaint as sochar gréine, chomh maith le radhairc a fháil ar Chuan Órán Mór. Bainistíocht tráchta ag an gcrosaire comhréidh, ag an íosbhealach ag an gCartrún, agus feadh bhóthar an chósta, i gcomhréir leis an bplean céimnithe, d'fhonn teorainn a chur le tréthracht sna háiteanna seo agus naisc rothaíochta agus choisithe níos láidre a bhunú.





## 6.1 Úsáid Talún

Tá láithreach an stáisiúin traenach i gcoilár na dtailte mar bhonn eolais láidir ag an straitéis úsáide talún don Gharrán, chomh maith leis an bhfís le haghaidh comharsanachta beoga agus insiúlta a chothaíonn an pobal agus caighdeán na beatha.

Beidh lárionad áitiúil úsáide measctha lonnaithe in aice leis an lárionad áitiúil, agus beidh miondíol, bialann/caifé, agus úsáidí pobail agus cónaithe le fáil ann mórthimpeall ar spás poiblí lárnach a sholáthraíonn rochtain dhíreach ar an stáisiún traenach. Ar an dá thaobh den lárionad poiblí, beidh limistéir chónaithe a leathnaíonn an lárionad áitiúil agus a chinntíonn tairseach chriticiúil ó thaobh daonra de don lárionad beoga.

Beidh an fhostaíocht lonnaithe idir an lárionad áitiúil agus an N67/R446 agus beidh sí inrochtana go héasca ag áiritheoirí an Gharráin de shiúl na gcos, agus beidh sé inrochtana freisin ón N67/R446. Leathnaíonn an ceantar a=seo amach go 2ha agus d'fhéadfadh sé tacú le cineálacha éagsúla fostaíochta a d'fhéadfadh 300-1200 post a sholáthar, ag brath ar úsáidí beartaithe agus ceadaithe.

Úsáidfeair formhór na dtailte le haghaidh Úsáide Cónaithe, le déúsáid Oideachais agus Chónaithe soir, agus le cuid mhór den Spás Oscailte ag cur fearann páirce nádúrtha agus struchtúrtha araon agus naisc choisithe agus rotháíocht ar fud na háite.

### EOCHAIR

- Lárionad Áitiúil - Úsáid Mheasctha
- Lárionad Áitiúil - Cónaithe
- Fostaíocht
- Cónaithe
- Oideachas agus Pobal Spás
- Oscailte agus Conláiste



Úsáid Talún







## 6.0 CREAT

### 6.2 Dlús

Má tá an Fhís don Gharrán le baint amach, caithfidh an phróifíl dlúis arna glacadh daonra leordhóthanach a sholáthar i bhforbairt dhlúth.

Tá sé d'acmhainn ag an nGarrán c.1,000 aonad a sholáthar i ndlús agus típeolaíochtaí éagsúla. Féachann an straitéis dlúis chuig teaghaisí reatha laistigh de na tailte, go speisialta ag an gCartrún, d'fhonn comhtháthú le teaghaisí bunaithe a cheadú. Chomh maith céanna, is díol suntais é gur féidir dlús níos airde a chur i bhfeidhm i gcás go mbíonn cuid de na réadmhaoine seo, nó iad go léir, ar fáil lena bhforbairt. Forbrófar na tailte ag croílár an Gharráin, gar don stáisiún traenach mar aon leis na tailte soir ón bPáirc Éiceolaíoch agus óna bhfuil radharc ar an bPáirc Éiceolaíoch, trí leas a bhaint as réimse leathan ard-dlúis d'fhonn an daonra a chónaíonn laistigh de 400m den stáisiún agus an lárionad áitiúil a uasmhéadú. Bainfidh réimse dlúis meánach leis an gcuid eile de na limistéir chónaithe, rud a chinnteoidh comharsanacht bheoga agus comhtháthú iomchuí le teaghaisí bunaithe.

Beidh dlús níos ísle le fáil ar na tailte arda amháin feadh teorainn an Chontae ar mhaithe le haistriú iomchuí chuig an tírdhreach in aice leo a sholáthar.

-  Ard-dlús
-  Dlús Meánach
-  Dlús Íseal
-  Ní Bhaineann



Úsáid Talún



### 6.3 Iompar Poiblí

Is cuid ríthábhachtach de Chreat an Gharráin an sochar a bhaineann le stáisiún traenach bunaithe a uasmhéadú mar spreagadh ar fhorbairt dhlúth agus inbhuanaithe.

Éascóidh lúb thrasnaithe an bealach ag an nGarrán, agus ardán eile ag Stáisiún Órán Mór uasghrádú tábhachtach ó thaobh mhinicíocht na seirbhísí go seirbhís iarnróid a bheidh ina sheirbhís ‘tar ann agus imigh’ nach mór. Beidh sé mar fhís ag an gCreatphlean go mbeidh traenacha ag imeacht gach 15 nóiméad (gach 12 nóiméad má tá an flít ar fáil), agus fad an turais idir Órán Mór agus Gaillimh de thart ar 8 nóiméad ar fad.

Téann an straitéis iompair níos faide ar aghaidh ná an Garrán chun daonraí bunaithe Órán Mór agus na Gaillimhe Thoir, chomh maith le daonra beartaithe na nArdán, a áireamh.

Le hathdhearadh an N67 mar bhóthar réigiúnach, tá sé d'acmhainn ag an líonra bóithre poiblí tacú le seirbhís bus áitiúil a d'fhéadfadh seirbhís mhaith a sholáthar, rud a éascóidh chun daoine atá ina gcónaí sna lárionaid daonra níos leithne a ghluaiseacht chuig an stáisiún traenach, agus uaidh chomh maith.

Léirítear lúb bus áitiúil, ag úsáid an R446 agus Bóthar an Chósta chun seirbhísí a sholáthar go minic agus amanna turais níos giorra a sholáthar freisin chuig an stáisiún traenach. Féadfaidh bealach na lúibe bus a athrú de réir agus a fhorbraítear ceantair nua, na hArdáin go speisialta.



Líonra bus áitiúil ag nascadh limistéir chónaithe agus limistéir fostaíochta leis an stáisiún traenach ag an nGarrán

## 6.4 Gluaiseacht agus Rochtain

Beidh líonra forleathan nasc coisithe agus rothaíochta ar fáil ar fud an Gharráin, rud a spreagfaidh siúl agus rothaíocht i dtimpeallacht atá sábháilte agus mealltach lena húsáid.

Déanfaidh traein freastal ar an nGarrán, agus beidh busanna friothálacha ag déanamh freastal ar limistéir níos leithne na lonnaíochta. Beidh rochtain dhíreach ar an stáisiún traenach ón N67/R446 agus Bóthar an Chósta.

Soláthróidh acomhal nua ar an N67/R446 rochtain d'fheithiclí ar an nGarrán, agus freastalóidh sé ar an áirionad áitiúil agus ar na limistéir chónaithe ó thuaidh den iarnród, ceantar an Chartrúin san áireamh. Beidh na príomhshráideanna ó thuaidh den lárionad áitiúil ina nasc idir an L7105 agus an N67/R446, rud a nascaidh ceantar Bhóthar Dhabhach Uisce leis an bpríomhlíonra bóthair. Freastalóidh Bóthar an Chósta ar na limistéir chónaithe reatha agus nua taobh theas den iarnród, chomh maith le carrchlós an stáisiúin. De réir agus a fhorbrófar an Garrán, cuirfeadh trácht ar mhalaírt slí tríd an N67/R446, rud a chiallaíonn go mbeidh Bóthar an Chósta ina chonláiste agus nasc mealltach sábháilte do choisithe agus do rothaithe. Céimneofar amach tréthrácht ar an L7105 freisin, agus ní bheidh an crosaire comhréidh á úsáid ach ag coisithe, rothaithe iompar poiblí. Ar an gcaoi chéanna, beidh an droichead íosbhealaigh ina rochtain do choisithe agus rothaithe, rud a chruthóidh nasc mealltach le Bóthar an Chósta.

Laistigh den Gharrán, soláthróidh ordlathas na sráideanna struchtúr gluaiseachta an-inléite ar fad trí rochtain a chur ar fáil ar gach cuid den chomharsanacht, agus ar bhealach a chinntíonn timpeallacht shábháilte siúlóide agus rothaíochta.



Naisc ar fud an limistéir do choisithe agus rothaithe , agus rochtain nua d'fheithiclí ar an N67/R446



## 6.5 Tírdhreach

Tá saintréithe na dtailte mar bhonn eolais ag an straitéis tírdhreacha, lena n-áirítear topagrafaíocht, radhairc ar Chuan Órán Mór, coillearnacha agus fásra bunaithe, ballaí cloiche agus fála sceaicha atá ina dteorainneacha páirce, agus cineál bogaigh an limistéir idir bóthar an chósta agus an líne iarnróid.

Beidh sé ina chuid ríthábhachtach den straitéis tírdhreacha Páirc Éiceolaíoch cois cósta a bhunú a nascann an Garrán lena thimpeallacht tírdhreacha cois cósta, rud a bheidh ina saoráid chonláiste agus cinn scríbe uathúil.

Beidh ceantair choillearnaí agus teorainneacha páirce ardchaighdeán ina gcuid den tírdhreach agus den bhonneagar glas, ag cur boinn eolais le lonnú spásanna oscailte agus conairí glasa a sholáthróidh limistéir chonláiste, chomh maith le timpeallacht dheas siúil agus rothaíochta a chur ar fáil.

Déanfar claifóirt chonairí an iarnróid a thírdhreachú mar chuid den líonra bonneagair ghlais, agus déanfar é a oiriúnú freisin chun naisc choisithe agus rothaíochta le rampaí réidhe a sholáthar a nascann leibhéil éagsúla talún feadh an iarnróid le droichead nua choisithe soir ón gcrosaire comhréidh.

Beidh fearann páirce bithéagsúlachta lonnaithe ar thaobh deas den chlaifórt, in aice le suíomh na scoile, agus feidhmeoidh sé mar chomhlímistéar oideachais agus conláiste.

### EOCHAIR

- |   |  |   |                                |
|---|--|---|--------------------------------|
|  | Coillearnach Reatha                      |  | Crainn Nua                     |
|  | Coillearnach Nua Talamh                  |  | Páirc Éiceolaíoch              |
|  | Féarach & Claiseanna Reatha              |  | Fearann Páirce Bithéagsúlachta |
|  | Páirceanna Imeartha                      |   |                                |
|  | Crosairí iarnróid Coisithe & Rothaíochta |   |                                |



Straitéis um Thírdhreacha agus Bonneagar Glas









## 6.6 Ceantair Shaintréithe

Beidh an Garrán ina fhorbairt shuaitheanta do Chontae na Gaillimhe, ag leagan amach caighdeán maidir le maireachtáil inbhuanaithe chomhaimseartha ina bhfuil rochtain den scoth ar iompar poiblí. Imreoidh tírdhreach cósta an Gharráin tionchar láidir ar shaintréith an limistéir ach beidh a aitheantas féin aige freisin lena lárionad áitiúil féin, chomh maith le cearnóg phoiblí agus stáisiún traenach, chomh maith le Páirc Éiceolaíoch uathúil cois cósta.

### Lárionad Áitiúil

Lárionad uirbeach ardchaighdeán, coisithe agus beoga, le stáisiún traenach, úsáidí miondíola, bialann/caifé, úsáidí pobail agus cónaithe, tógtha mórthimpeall ar chearnóg phoiblí shainiúil. Freastalóidh dlúthstruchtúr agus patrún sráide uirbeach ar fhoirgnimh ard-dlúis a mbíonn idir fhoirgnimh dhá stór agus fhoirgnimh ceithre stór de ghnáth, arna léiriú mar stil ailtireachta comhaimseartha. Beidh an lárionad faoi fhad siúil d'áitritheoirí uile an Gharráin.

### Páirc Éiceolaíoch

Tírdhreach sainiúil agus saoráid chonláiste a nascann an Garrán lena tírdhreach cósta, ag tabhairt an cósta isteach sa Gharrán agus ag tabhairt áitritheoirí agus cuairteoirí chun an chósta. Ó thaobh saintréith de, beidh an pháirc ina bogach cósta nádúrtha, ina mbeidh ceantair bhogaigh, coillearnaí agus bithéagsúlachta, mar aon le ceantair shiamsaíochta agus conláiste neamhfhoirmiúla agus iad go léir nasctha ag líonra de chonairí agus clárchosáin. Feidhmeoidh an pháirc mar chonláiste, agus mar chuid den líonra foriomlán coisithe agus rothaíochta, ach beidh sí ina cuid freisin den bhonneagar bailithe agus bainistíochta báistí sa Gharrán. Beidh radharc anuas ar an bpáirc ón taobh thuaidh, agus ó na forbairtí cónaithe ar an taobh thoir.


### Limistéir Chónaithe

Leis na limistéir shaintréithe ag an nGarrán, agus iad deartha chun freagairt do shaintréithe éagsúla topagrafacha agus tírdhreacha na dtailte, agus chun an treoshuíomh agus braistint áite a bharrfheabhsú, cinnteofar éagsúlacht agus inléiteacht na forbartha foriomláine. Mar chomharsanacht insiúlta, beidh conairí coisithe, rothaíochta agus tírdhreacha ina gcomhthréithe ar fud na limistéar ar fad. Is ailtireacht chomhaimseartha ardchaighdeán a bheidh ina saintréith ag na foirgnimh, agus tíopeolaíochtaí agus arda éagsúla in áiteanna éagsúla chun spriocdhlúis a bhaint amach. Beidh na ceithre cheathrú den Gharrán, ó thuaidh agus ó dheas ón stáisiún traenach, agus soir agus siar, ina gceantair shaintréithe ar leith.

### Fostaíocht agus Oideachas

In dhá cheantar ar leith laistigh den Gharrán, beidh saoráidí spáis oibre agus scoile le fáil, agus beidh a n-aitheantais agus saintréithe féin acu a léiríonn a gcuid úsáidí. Tá an limistéar fostaíochta oiriúnaithe agus féadfaidh sé roinnt tíopeolaíochtaí a éascú, ach is foirgnimh dhlútha iláitíochta a chomhlánóidh an lárionad áitiúil. Le sochair an iompair phoiblí, an lárionad áitiúil agus an tírdhreacha chósta, beidh an limistéar fostaíochta ina áit oibre den scoth d'áitritheoirí an Gharráin agus an ceantair cheannchathartha go ginearálta. Beidh an limistéar oideachais ina limistéar idirchriosach idir an Garrán agus Órán Mór, agus beidh sé insiúlta go héasca ón dá limistéar. Beidh saoráidí spóirt agus páirc bhithéagsúlachta ina chuid den limistéar seo freisin agus freastalóidh sé ar riachtanais mac léinn agus riachtanais an phobail.







### Líne Iarnróid

Is gné shuntasach den Gharrán é an líne iarnróid agus beidh sí ina cuid ríthábhachtach den straitéis dearaidh ghinearálta maidir le conairí tírdhreacha agus naisc choisithe agus rothaíochta a sholáthar a neartaíonn an fhís ghinearálta de chomharsanacht insiúlta.

Tá dhá phointe trasnaithe, ag an gcroisire comhréidh, agus ag íosbhealach an Chartrúin, agus soláthraíonn an dá cheann seo crosairí comhréidhe.

Cuirfear leo siúd le dhá chroisire breise. Beidh an chéad cheann ag an lárionad áitiúil agus an stáisiún traenach, agus is uasdhroichead coisithe agus rothaíochta a bheidh ann is féidir a rochtain ó leibhéal an ardáin trí rogha de staighrí agus ardáin a úsáid. Ar an taobh theas, ag dul chuig an gcarrchlós agus chuig an bPáirc Éiceolaíoch, tá céimeanna agus rampaí ann cheana féin ó leibhéal an ardáin, ach déanfar bealaí breise atá claonta go réidh a chomhtháthú ag dul soir agus siar laistigh den chlaifort agus ag nascadh leis na limistéir chónaithe.

Beidh an dara ceann soir ón gcroisire comhréidh, áit a bhfuil an t-iarnród i gcaidhséar i bpáirt. Ina chuid de sin, beidh cosáin atá claonta go réidh ag teacht ó na tailte in aice leo, agus rampaí agus céimeanna ann mar rochtain chuig tardhroichead.

Déanfar na struchtúir dhroichid a dhearadh mar ghnéithe ar leith laistigh den tírdhreach agus iad ag cur leis an mbraistint áite. Neartóidh siad freisin an líonra coisithe agus rothaíochta, ag soláthar naisc idir chodanna éagsúla den fhorbairt agus beidh radhairc iontacha uathu ar Chuan Órán Mór.



Saintréithe Ceantair an Gharráin

# 6.0 CREAT



## Cineál Sráide Tánaistí Príomhúil



## Cineál Sráide Tánaistí Táscáí



## Cineál Sráideanna Treasacha Táscacha



### EOCHAIR

- |  |                                |  |                                   |
|--|--------------------------------|--|-----------------------------------|
|  | Teorainn an tsúmh              |  | Láirionad Áitiúil Úsáide Measctha |
|  | Stáisiún Traenach              |  | Cónaithe                          |
|  | Líne lamróid Dériain           |  | Fostaíocht                        |
|  | Carrchlós an Stáisiúin         |  | Limistéar Déúsáide Scoile/Pobail  |
|  | Crosairí Coisithe/Rothaíochta  |  | Spás Oscailte Poiblí              |
|  | Príomhbhealach Beartaithe      |  | Fásra coinnithe                   |
|  | Bealaí Tánaisteacha Beartaithe |  |                                   |



## 6.7 Inbhuanaitheacht

Beidh leibhéal bhunúsacha inbhuanaitheachta ag baint leis an nGarrán toisc gur dhlúthfhorbairt le neamhspleáchas íseal ar an iompar príobháideach. Anuas air sin, forbraíodh Creatphlean Chnoc Mhaoil Drise mar léiriú ar na trí ghné agus cuspóir a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an inbhuanaitheacht shóisialta, an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus an inbhuanaitheacht eacnamaíoch.

### Inbhuanaitheacht Shóisialta

Mar dhlúthfhorbairt insiúlta a chuimsíonn líonra leathan de naisc choisithe agus rothaíochta, mar aon le Páirc Éiceolaíoch, líonra spáis oscailte níos lú, agus lárionad áitiúil beoga, beidh an idirghníomhú sóisialta ina shaintréith den saol ag an nGarrán.

Is suntasach an idirghníomhú sóisialta maidir le folláine, caighdeán na beatha agus bród/úinéireacht áite a chothú. Soláthróidh spásanna conláiste foirmiúla agus neamhfoirmiúla gar do na tithe spásanna conláiste sóisialta agus conláiste gníomhachtaithe inar féidir le háitritheoirí teacht le chéile, agus cuirfidh an saoráid déusaide oideachais agus pobail idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht shóisialta chun cinn.

### Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Is croíphrionsabal den Chreatphlean coisíocht, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn in áit an ghluaisteáin phríobháidigh. Trí lonnaíocht dírithe ar iompar poiblí a chruthú, mar aon le comhtháthú íogair a dhéanamh le saintréithe tírdhreacha, éiceolaíochta agus cósta an cheantair, cruthaítear bonn láidir le haghaidh lonnaíochta nua atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de.

Glacann an Creatphlean le príomhghnéithe nádúrtha, chomh maith le hiad a chosaint freisin. Trí na cosáin ghlasa, ag nascadh conairí fásra reatha, agus feabhas a chur ar an limistéir bogaigh reatha d'fhonn gnáthóg shaibhir a chruthú, cuirfear feabhas ar dhintiúir chomhshaoil na dtailte. Cruthóidh an líonra seo de spásanna conláiste agus sráideanna nasctha agus spásanna glasa timpeallacht mhealltach coisíochta, chomh maith le tacú chun próifíl láidir éiceolaíochta agus bithéagsúlachta a bhunú sa cheantar.

I bhfianaise an méid spáis oscailte a chuireann an Creatphlean agus na tailte ar fáil, tá acmhainn ann bonneagar teasa a fhorbairt sa cheantar a chuirfeadh feabhas ar a dhintiúir chomhshaoil fadtéarmacha.

### Inbhuanaitheacht Eacnamaíoch

Cuimsítear fostaíocht, úsáidí lárionaid áitiúil, agus saoráidí pobail, sóisialta agus oideachais ag an nGarrán a bheidh inrochtana ag áitritheoirí láithreacha, ach beidh siad inrochtana freisin ag muintir an limistéir cheannchathartha go ginearálta ar an iompar poiblí.

Tríd an nGarrán a fhorbairt, déanfar infheistiú suntasach sa bhonneagar iarnróid agus ina thógáil, agus cruthófar deiseanna gnó agus fostaíochta fadtéarmacha freisin. Rachaidh an daonra nua ag an nGarrán, chomh maith leis na naisc iompair poiblí ón limistéir cheannchathartha níos leithne, chun tairbhe lár baile Órán Mór le custaiméirí nua ón mbonn daonra atá ag dul i méid. .





## 7.0 CREATPHLEAN AN GHARRÁIN

Forbairt shuaitheanta do Chontae na Gaillimhe, ag leagan amach caighdeán maidir le maireachtáil inbhuanaithe chomhaimseartha ina bhfuil rochtain den scoth ar iompar poiblí.



## 7.0 CREATPHLEAN AN GHARRÁIN

**Forbraíodh Creatphlean Uirbeach an Gharráin trí phróiseas a bhfuil rannpháirtíocht agus tuiscint ar na tailte, agus ar an neart, ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann leo, mar bhonn eolais. Léiríonn an Creatphlean mar is féidir dlúthlonnaíocht nua ardchaighdeán iomparthreoraithe a chruthú agus a sholáthar.**

### Úsáidí Talún

- Dlúthlonnaíocht dírithe ar iompar poiblí ina bhfuil meascán de thionacht chónaithe le haghaidh maireachtála ó ghlúin go glúin á sholáthar ar fud an láithreáin;
- Lárionad áitiúil nua ilúsáide, thart ar 1 heicteár ó thaobh achair de, lonnaithe ó thuaidh den chroí ina bhfuil an stáisiún traenach reatha lonnaithe;
- Limistéar fostaíochta nua, thart ar 2 heicteár ó thaobh achar de, a sholáthraíonn deiseanna iontacha saoil/oibre agus atá inrochtana go héasca, agus freastal den scoth a dhéanamh air ag an iompar poiblí.
- Láithreán scoile agus pobail dé-úsáide, thart ar 6 heicteár ó thaobh achair de, ina ndéantar freastal ar riachtanais oideachais féideartha i gContae na Gaillimhe.

### Rochtain agus Gluaiseacht

- Lúb thrasnaithe an bealach agus ardán eile - i gcomhréir leis na feabhsúcháin atá beartaithe ó thaobh seirbhísí traenach, agus chun freastal ar an uaimhian dlúthlonnaíocht nua dírithe ar an iompar poiblí a chur ar fáil ag an nGarrán.
- Rochtain nua d'fheithiclí ón N67/R446; agus
- Líonra de bhealaí coisithe agus rothaíochta tiomnaithe, naisc agus pointí rochtana, ag cinntiú tréscailteachta agus nascachta díri idir na limistéir forbartha ó thuaidh agus ó dheas, na limistéir lonnaíochta ina aice leo agus an tírdhreach go ginearálta.

### Tírdhreach

- Páirc Éiceolaíoch nua, thart ar 7 heicteár agus a chuimsíonn mol conláiste féideartha, lonnaithe ag carrchlós an stáisiúin, le líonra de bhealaí coisithe agus rothaíochta a nascann an stáisiún traenach, tithe nua agus an Glasbhealach Cósta.
- Líonra tírdhreacha feabhsaithe comhtháite a chuimsíonn gnéithe tírdhreacha coinnithe agus feabhsaithe, agus a dhéanann freastal do chonláiste feabhsaithe, do ghnáthóga éiceolaíochta agus do chonláiste neamhfhoirmiúil.

### PRÍOMHGHNÉITHE MHÁISTIRPHLEAN AN CHREATA

#### Úsáidí Talún

- 1 Cónaithe (reatha agus beartaithe)
- 2 Lárionad Áitiúil an Gharráin
- 3 Limistéar fostaíochta Láithreán
- 4 oideachais dé-úsáide

#### Tírdhreach

- 5 Páirc Éiceolaíoch an Gharráin
- 6 Moil Chonláiste/Pobail
- 7 Crainn agus fáilta seach choinnithe
- 8 Spás Oscailte Poiblí
- 9 Bealach Cósta Féideartha

#### Rochtain agus Gluaiseacht

- 11 Stáisiún Traenach
- 12 Carrchlós an stáisiúin
- 13 Pointí rochtana d'fheithiclí
- 14 Naisc agus bealaí coisithe/rothaíochta
- 15 tiomnaithe Crosairí iarnróid coisithe &
- 16 rothaíochta Príomhshráid
- 17 Sráideanna Tánaisteacha
- 18 Rochtain Áitiúil Amháin



# 7.0 CREATHLEAN AN GHARRÁIN

T H U A I D H

Eastát Tionsclaíoch  
Pháirc an Fhia

Go Baile Átha Cliath/  
Luimneach

go Cathair na Gaillimhe

N67/R  
8446

N67/R  
446


to Ros Cam

Bóthar  
an  
Chósta

Órán Mór

Bóthar  
an  
Chósta

go Baile





## 8.0 CUSPÓIRÍ BEARTAIS AGUS CRIOSÚ ÚSÁIDE TALÚN

### CPUG 1 Forbairt Chónaithe

Tacú le forbairt na dtailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 1) le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae, faoi réir gnáthcheanglais phleanála, rochtana agus seirbhísithe, agus na tailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 2) a fhorchoimeád le haghaidh riachtanais fáis fadtéarmacha Chreatphlean Uirbeach an Gharráin.

Ní bheidh tailte Cónaithe (Céim 2) infhorbartha de ghnáth le linn shaolré an Phlean seo, seachas na forbairtí seo a leanas a d'féadfadh an tÚdarás Áitiúil breithniú a dhéanamh orthu le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae seo, faoi réir cás oiriúnach a dhéanamh le haghaidh ceann de na tograí seo a leanas:

1. Forbairtí tithe aonair le haghaidh ball teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh.
2. Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an tsuímh, d'aon chonláiste cónaithe atá ar an bhfód cheana féin agus do phatrún reatha na forbartha sa limistéar sin.
3. I gcás gur léir nach féidir nó nach ndéanfar tailte Cónaithe (Céim 1) a fhorbairt laistigh de thréimhse an phlean, seans go dtabharfaí faoi fhorbairt chónaithe ar bhonn céimnithe ar thailte Cónaithe (Céim 2) áirithe.

Tiocfaidh na heisceachtaí thuasluaite faoi réir chomhlíonadh na nithe seo a leanas: an Chroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae; na Cuspóirí Beartais sa Phlean Ceannchathartha; prionsabail na planála cuí agus na forbartha inchothaithe; agus gnáthcheanglais phleanála, inrochtana agus seirbhísithe.

Ní cheadófar forbairtí ach amháin sa chás go ndéantar cás dea-bhunaithe chun sástacht an Údaráis Pleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte amach anseo chun freastal ar riachtanais fáis fadtéarmacha an limistéir cheannchathartha seo.

### CPUG 2 Forbairt Lár an Bhaile

Forbairt ionad nódaigh soiléire úsáid measctha a chur chun cinn, ina chuimsítear miondíol agus seirbhísí áitiúla, chomh maith le húsáidí cónaithe.

Cinnteoídh foirmeacha foirgníochta lárionad nódach sainithe go soiléir agus uirbeach i gcarachtar.

Beidh timpeallacht an-choisithe ar fad ina tréith den lárionad nódach freisin, mar aon le réimse poiblí agus tírdhreachú ardchaighdeáin agus cearnóg uirbeach lárnach lena mbaineann aghaidh thógtha, áit a mbeidh an stáisiún traenach.

Cruthóidh naisc choisithe agus rothaíochta na lárionad nódach le gach cuid den Gharrán agus áireofar leo roghanna maidir leis an iarnród a thrasnú.

Rachaidh an príomhcheangal d'fheithiclí idir an lárionad nódach agus an limistéar fostaíochta d'fhonn tréthracht a chosc. Déanfar breithniú ar phlána talún an lárionad nódaigh a ardú chun é a dhéanamh cothrom le hardáin an stáisiúin agus chun soláthar páirceála a éascú ar bhonn íoslaigh nó leathíoslaigh.

### CPUG 3 Gnó agus Fiontraíocht

Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáidí gnó agus fiontraíochta, tionsclaíocht éadrom/trádstóráil agus a leithéid agus páirc fiontraíochta/páirc oifigí, aonaid ghoir/gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga agus meánmhéide a fhorbairt, agus seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha a chur ar na tailte arna sainaithint laistigh den Chreatphlean Uirbeach.

### CPUG 3 Saoráidí Pobail

Cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar agus feabhsú réimse leathan saoráidí pobail laistigh de phobail de Chreatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise. I gcás forbartha mórsála, beidh saoráidí pobail in situ sula gcuirfean an fhorbairt i gcrích nó sula sealbhófar é, mura gcomhaontóidh an tÚdarás Áitiúil a mhalairt.

### CPUG 4 Spás Oscailte, Áineas agus Conláiste

Cur chun cinn a dhéanamh ar bhainistíocht, úsáid agus/nó forbairt inbhuanaithe (de réir mar is cuí) na dtailte Spáis Oscailte laistigh de limistéar an Chreatphlean Uirbigh, na nithe seo a leanas san áireamh:

- a) Spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí áineasa a fhorbairt, i gcomhréir le dea-chleachtas agus ar thailte oiriúnacha óna bhfuil rochtain leordhóthanach ar an bpobal áitiúil, agus spás oscailte agus saoráidí áineasa atá ar an bhfód cheana a choinneáil, ach amháin i gcás gur féidir a thaispeáint go soiléir chun sástacht Chomhairle Contae na Gaillimhe nach bhfuil na saoráidí sin ag teastáil ón bpobal a thuilleadh;
- b) Páirc Éiceolaíoch a bhunú ar na tailte ó dheas mar mhórchonláiste poiblí agus chun bithéagsúlacht limistéar an Chreatphlean Uirbigh a fheabhsú.
- c) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, aon limistéir laistigh den zón Suirbhéireachta Ordanáis lena mbaineann baol tuille chun riosca agus tionchar féideartha tuille a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú, de réir mar is cuí;
- d) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, limistéir ar bith a mbaineann ardluach bithéagsúlachta leo.

### CPUG 5 Bonneagar Iompair

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bonneagar riachtanach iompair a sholáthar agus a chothabháil. Áirítear leis sin tailte a chur ar fáil chun bóithre poiblí, cosáin, rotharbhealaigh, stadanna an bhus agus tírdhreachú, mar aon le hoibreacha riachtanacha gaolmhara, a sholáthar, de réir mar is cuí.

### CPUG 6 Rochtain Bheartaithe ón R446

Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht socrúcháin iompar phoiblí a chruthú maidir le rochtain ón R446 go cuid thuaidh de limistéar Chreatphlean an Gharráin.



## 8.0 CUSPÓIRÍ BEARTAIS AGUS CRIOSÚ ÚSÁID TALÚN

### CPUG 7 Maoiniú faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach

Is Cuspóir Beartais de chuid na Comhairle é oibreacha cumasúcháin bonneagair agus forbairt ghaolmhar a sholáthar go hiomlán i gcomhréir leis an gcistiúchán faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach a dámhadh i mí Marta 2021.

### CPUG 7 Úsáid Talún Shrianta

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bainistíocht iomchuí agus úsáid inbhuanaithe baol tuilte laistigh de Creatphlean Uirbeach an Gharráin. Cuireann an criosú seo srian le forbairtí nua, á aithint go bhféadfadh go mbeidh forbairt mhionscála de dhíth ar fhorbairtí reatha laistigh de na criosanna seo, mar a leagtar amach thíos, le linn shaolré an Chreatphlean uirbigh, rud a d'fhéadfadh cur le dlúthfhorbairt uirbeach inbhuanaithe an bhaile.

Meastar go bhfuil an criosú bunúsach nó na húsáidí ceadaithe reatha inghlactha i bprionsabal i gcás mionfhorbairtí ar fhoirgnimh reatha (amhail síntí beaga le tithe, formhór na n-athruithe úsáide ar fhoirgnimh reatha nach dócha a chothóidh saincheisteanna suntasacha ó thaobh tuilte de, ar choinníoll nach gcuirfidh siad bac ar shreabhchonairí tábhachtacha, nach dtabharfaidh siad líon mór daoine nua isteach i limistéar baol tuilte ná nach n-úsáidtear iad chun substaintí guaiseacha a stóráil.

Ós rud é go mbaineann iarratais mar seo le foirgnimh agus limistéir fhorbartha reatha, ní féidir an cur chuige seicimheach a úsáid chun iad a lonnú i limistéir ísealriosca agus ní bheidh feidhm ag an Tástáil Fírinne.

Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí tuilte a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe, caithfear Measúnú mionsonraithe ar Riosca Tuilte, arna dhéanamh i gcomhréir

leis an bhfoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirínte Pleanála agus Ciorclán PL2/2014 (nó aon doiciméad nuashonraithe) a chur le tograí forbartha laistigh den chrios seo.

Ní dhéanfar breithniú ar thograí ach amháin sa chás go léirítear chun sástacht an Údaráis Áitiúil nach mbeadh drochthionchair acu ar shruthchúrsa, ar thuilemhá nó ar shaoráidí cosanta nó bainistíochta tuilte, nó nach gcuirfí cosc ar na saoráidí sin a rochtain, nó nach mbeadh baol tuilte níos mó ann in áiteanna eile dá bharr. Is gá freisin go léireofar cineál agus dearadh na mbearta bainistíochta riosca tuilte, idir bhearta struchtúrtha agus bhearta neamhstruchtúrtha, d'fhonn a léiriú nach méadófar guais agus riosca tuilte. Cloífidh bearta beartaithe leis an deachleachtas ó thaobh sláinte agus sábháilteachta úsáideoirí agus áitritheoirí na forbartha a bhainistiú.

Cloífeadh, de réir mar is cuí, leis na sonraíochtaí a leagtar amach sa phlean seo le haghaidh forbairtí i limistéir atá i mbaol tuilte. (Déan tagairt do Chuspóir Beartais DO6 agus Treoirlíne CSB 3 sa Lámhleabhar Deartha)

### CPUG 8 Tuile Cóta (le foirmlíú ag CAAS)

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt an limistéir seo i gcéimeanna ar bhealach a ailíneoidh an fhorbairt le soláthar bonneagair agus gnéithe poiblí d'fhonn seachadach na físe foriomláine a

### CPUG 9 Sainthíocht

Ceangal a chur i bhfeidhm go gcuirfeadh íoslíon 20% de shuíomhanna cónaithe incháilithe nua ar leataobh d'fhonn aonaid tithíochta sóisialta agus saintithíochta a fhorbairt, ach amháin sa chás go gcomhaontaítear socruithe oiriúnacha eile leis an Údarás Áitiúil, i gcomhréir le Straitéis Tithíocht Chontae na Gaillimhe agus Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus aon leasuithe a ndéanfar ar fhoráil Chuid V ina dhiaidh sin chun beartas

an Rialtais a léiriú.

### CPUG 10 Comhtháthú an Chreatphlean Uirbigh

Caithfear tuarascáil shoiléir ghonta maidir le réasúnaíocht an dearaidh a chur isteach le gach iarratas ar phleanáil agus na rudaí seo a leanas léirithe ann:

- Mar a chuirfidh an fhorbairt bheartaithe le bunú foriomlán an Gharráin mar a leagtar amach sa Chreatphlean Uirbeach seo é.
- Mar a chuirfidh an fhorbairt bheartaithe seo le bunú na páirce éiceolaíche mar a leagtar amach sa Chreatphlean Uirbeach seo é.
- Mar a dhéanfar an fhorbairt bheartaithe a chomhtháthú le forbairtí eile a chríochnófar, a cheadófar nó a bheartófar sa Gharrán, ar bhealach a mbeidh an fhís agus straitéis a leagtar amach i gCreatphlean Uirbeach an Gharráin mar bhonn eolais.
- Mar a dhéanfar an fhorbairt bheartaithe a chomhtháthú le réadmhaoine taobh léi.
- Mar a léireoidh an fhorbairt bheartaithe dearadh na hailtíreacht agus an tírdhreacha, agus caighdeán forbartha beartaithe, agus mar a thacóidh an fhorbairt le ceantair shaintréithe iomchuí a bhunú.

### CPUG 11 Staidéar maidir le Dlús Tíopeolaíochta

Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi Staidéar mionsonraithe maidir le Dlús Tíopeolaíochta a bhaineann go sonrach leis an nGarrán agus a shaináithneoidh na tíopeolaíochtaí agus dlúis fhoirgnimh is fearr agus is oiriúnaí chun fíis agus straitéis an Gharráin a sholáthar.

### CPUG 12 Ranníoc Forbartha Speisialta

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Ranníoca Forbartha Speisialta a ullmhú chun soláthar bonneagair san áit seo a chumasú agus chun cabhrú ó thaobh limistéir phoiblí a fhorbairt agus tacaíocht a chothú.

## Criosú Úsáid Talún






# TAILTE AG AN nGARRÁN








- Teorainn Ionraíochta
- Cónaithe atá ann cheana
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- Ionad Nódach
- GF - Gnó & Fiontar
- AP - Áiseanna Pobail
- SO - Spás Oscailte/Áineas & Áiseanna
- BI - Bonneagar Iompair
- Úsáid Talún Srianta
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe  
2022-2028**


**Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe  
An Garrán  
Criosaithe Úsáide Talún**



**Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council**

Galway County Council 2022/OSI\_NMA\_090  
© Ordnance Survey Ireland, 2022





- Teorainn Ionraíochta
- Críos Tuile Tásach A
- Críos Tuile Tásach B
- Críos Tuile Tásach C
- Tásach Báistiúil RMPT
- RMPT Foircneach Báistiúil
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe
- Uisce

**Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe  
2022-2028**

**Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe  
An Garrán  
Bainistíocht Riosca Tuilte**

